

## Polasaí Cur Chun Cinn Dea Iompar Scoile



### Coláiste na bPiarsach, Ros Muc

#### *Ráiteas Mísean*

'Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchána do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuire bhealach agus mórtas cine a chothú.

### **Reamhrá:**

Aithnítear gur ghné thábhachtach é an Polasaí cur chun cinn dea-iompar scoile chun atmasféar dearfach agus comhoibríoch a chothú sa scoil. **Cuirtear an bhéim ar iompar maith a chothú in ionad a bheith ag gearradh pionóis ar dhroch iompar.**

### **Aidhmeanna:**

- Go mbeadh atmaisféar dearfach teagaisc agus foghlamtha sa scoil.
- Go mbeadh meas ag pobal uile na scoile ar a chéile.
- Go dtabharfaí tacaíocht do dhaltáí ar mhaith leo foghlaim i dtimpeallacht dearfach foghlamtha.
- Go dtabharfaí tacaíocht do mhúinteoirí a n-ábhair a mhúineadh i gcionníollacha atá fabhrach d'fhoghlaim.
- Go nglacfaidh daltaí le freagracht as a gcuid iompair féin.
- Go mbeadh struchtúr cóir agus soiléir ann a chuideodh le daltaí iad féin a iompar ar an slí nach bhfuil siad ag cur isteach ar dhaltáí ná ar mhúinteoirí, rud a chuideoidh leo féin oideachas iomlán a fháil.
- Go n-iompródh daltaí iad féin ar bhealach a thabharfadh deachlú don scoil, taobh istigh agus lasmuigh den scoil le linn an scoilbhliain.
- Bulaíocht a sheachaint

### **Rólanna**

- Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin: an Polasaí a fhaomhnú agus éisteacht le cás achomharc.
- Bord Bainistíochta na scoile: An polasaí a fhaomhnú agus athbhreithniú a dhéanamh air go rialta.
- Príomhoide/Leaspríomhoide/Bainistíocht scoile: An Polasaí a chur i bhfeidhm, tacú le daltaí agus le múinteoirí atmasféar dearfach a chruthú.
- Múinteoirí: an polasaí a chur i bhfeidhm sa seomra ranga, i dtimpeallacht na scoile agus amuigh ag imeachtaí a bhaineann leis an scoil. Cuidiú le nósanna dea-smachta a chleachtadh. Comhairle a chur ar an múinteoir bliana/leaspríomhoide/príomhoide de réir mar is cuí.
- Tuismitheoirí: tacaíocht a thabhairt don scoil i dtaobh dearcadh dearfach a bheith ag daltaí i leith na scoile agus scolaíochta. An Polasaí agus nósanna dea-iompar a phlé le daltaí sa bhaile. An scoil a chur ar an eolas i dtaobh aon deacracht a bheadh ag dalta.
- Daltaí: Freagracht a ghlacadh as a gcuid iompar féin. Tuiscint a bheith acu ar an ngá atá le polasaí i dtaobh dea-iompar agus tacú leis an bpolasaí sin. Suim a bheith acu in obair na scoile. A gcuid tuairimí a nochtadh ar bhealach dearfach agus measúil.

### **Cur i bhfeidhm agus monatóireacht**

Féachann múinteoirí Choláiste na bPiarsach ar ghnéithe uile den scoláire; acadúil, spioradálta, sóisialta, cultúrtha agus fisiciúla, mar choda tábhachtacha den duine iomlán, le forbairt ar bhealach dearfach.

Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm le tacaíocht iomlán ó na scoláirí, an foireann, tuismitheoirí agus ó údaráis an choláiste. Le fócas a choinneáil ar spriocanna oideachais an choláiste, is riachtanas é go bhfuil línte cumarsáide oscailte idir scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí, mar pháirtneirí in oideachas.

## I gColáiste na bPiarsach, aithníonn muid agus molann muid dea-iompar:

- Molann muid iarrachtaí macánta a dhéanann daltaí.
- Aithníonn muid an ról lárnach atá ag cúrsaí folláine intinne agus collaine le cur chun cinn an dea-iompar ar scoil. Tuigeann muid an dea-thoradh a bhíonn le h-imeachtaí seachchuraclam. Táimid bródúil as na daltaí a ghlacann páirt ins na h-imeachtaí seo agus baineann muid ar fad tairbhe as an ardú spríd a thagann leo.
- Tugann muid aitheantas do dhaltaí a dhéanann sar-iarrachtaí i dtaobh obair ranga, obair bhaile, culaith scoile agus tinreamh.
- Éisteann muid leis na moltaí a thagann ó tuismitheoirí i dtaobh bealaí chun dea-iompair a spreagadh i measc na ndaltaí.
- Aithníonn muid go bhfuil ról thábhachtach ag Comhairle na scoláirí agus an choiste folláine chun atmasféar dearfach a chothú ar scoil.
- Lorgaíonn muid tuairimí na ndaltaí maidir leis an bPolasaí seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Déantar chuile iarracht caidreamh dearfach idir foireann na scoile, scoláirí agus tuismitheoirí a chruthú agus a chothú.
- Déanfar forbairt ar chóras luaíochtaí a fhorbairt chun dea-iompar a aithint:  
M.sh: -
  - a. Nóta molta sa dialann nó ar Vsware
  - b. Focail mholta ó foireann na scoile.
  - c. Litir chuig tuismitheoirí
  - d. Gradam "Scoláire na bliana"
  - e. Duais aitheantais an Phríomhoide
  - f. Duaiseanna ábhar ranga
  - g. Nóta moltach ar Vsware
  - h. Turas lae don rang

- **Ról agus freagrachtaí tuismitheoirí:** Tá tacaíocht tuismitheoirí/caomhnóirí rí-thábhachtach ar mhaithe le leas chuile scoláire. Spreagtar tuismitheoirí i gColáiste na bPiarsach chun cabhrú lena ngasúir ar na bealaí seo a leanas:

1. Go bhfuil an gasúr réidh don foghlaim chuile lá.
2. Go bhfuil ceart ag a ngasúr foghlaim agus freagracht orthu foghlaim agus go gciallaíonn sé sin gan cur as do foghlaim scoláirí eile.
3. Go bhfuil ceart ag a ngasúr a bheith sábháilte agus san áireamh ansin go bhfuil freagracht orthu i sábháilteacht scoláirí eile.
4. Go bhfuil ag a ngasúr ómós a fháil agus freagracht orthu ómós a léiriú do dhaoine eile.

### **Céimeanna dea-oird agus Smachta:**

- Spreagann Coláiste na bPiarsach dearcadh dearfach ar iompar sa scoil. Táimid an-bhródúil as ár scoláirí agus na h-eachtaí atá bainte amach acu i gcúrsaí acadúla, cultúrtha agus spóirt. Cuidíonn dea-iompar go mór le seo. Tá gá, afách, le smachtbhannaí chun cuidiú le bainistíocht na scoile, le múinteoirí agus le scoláirí oibriú i dtimpeallacht sábháilte atá feiliúnach don foghlaim.
- Cuirtear an polasaí dea-iompar a chur cinn seo ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí bliain 1 agus iad ag teacht isteach sa scoil don chéad uair. Iarrtar orthu an Cód iompar a shiniú ag glacadh leis mar pholasaí Chód Iompar na scoile. Cuirtear aon athbhreithniú i dtaobh an pholasaí seo faoi bhráid an scoilphobal ar fad agus é le siniú ag thuismitheoirí/caomhnóirí ag glacadh leis mar pholasaí Chód Iompar na scoile. Cuirtear cóip den pholasaí ar shuíomh idirlíon na scoile.
- Minítear gnéithe uilig an pholasaí seo do thuismitheoirí agus scoláirí bliain 1 go luath sa scoil bhliain.
- Tá an polasaí agus na céimeanna smachta minithe go soiléir do gach bliain ar scoil ag tús an scoilbhliain agus go rialta i rith na bliana ag na cruinnithe leis na múinteoirí bliana. Bíonn deiseanna eile ann chun scileanna a bhaineann le caighdeán iompar a bhfuiltear ag súil leo sa scoil a theagasc. Ina measc tá:
  - I) tagairt don chód i rang ar bhonn rialta agus ag cur na luachanna i bhfeidhm i ngach rang.
  - ii) iompar oiriúnach agus mí-oiriúnach a phlé leis an mic léinn.
  - iii) ag úsáid an chláir Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte agus deiseanna seach-churaclaim mar mhodhanna chun scileanna a theagasc a bhaineann le hiompar freagrach.
  - iv) mic léinn a bheith rannpháirteach in athbhreithniú agus i bhforbairt polasaithe scoile.
- Úsáidtear smachtbhannaí ar bhealach ómósach a chuidíonn le scoláirí a n-iompar a thuiscint agus freagracht a ghlacadh chun an t-iompar sin a athrú. Ní mhór don smachtbhanna:
  1. **An teannas a bhaint as an scéal, gan é a fhortheadú.**
  2. **Dínit na bpáirtithe uilig a chaomhnú.**
  3. **A bheith curtha i bhfeidhm ar bhealach cóir comhsheasmhach.**
  4. **A bheith tráthúil.**

Ní mhór do gach ball foirne an Choláiste úsáid a bhaint as smachtbhannaí comhaontaithe go seasta.
- **Tá croí lár an pholasaí seo bunaithe ar bhunphrionsabal cearta agus freagrachtaí:**
  1. Inár scoil, tá an cheart againn mothú go bhfuil muid sábháilte agus freagracht orainn a chinntiú go bhfuil gach duine eile ag mothú sábháilte.
  2. Inár scoil, tá an cheart againn foghlaim agus freagracht orainn deis a thabhairt do dhaoine eile foghlaim.
  3. Inár scoil, tá an cheart againn cumarsáid a dhéanamh agus an freagracht orainn leagan do dhaoine eile cumarsáid a dhéanamh.
  4. Inár scoil, tá cheart againn ómós a fháil agus an freagracht orainn ómós a thabhairt do dhaoine eile.


Leanann muid mairtís na dea-iompar sa scoil seo:


<u>Áit</u>	<u>Bí omásach</u>	<u>Bí freagrach</u>	<u>Bí Ullamh</u>
<b>Seomra ranga</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Téigh isteach sa rang go ciúin.</li> <li>• Éist le do mhúinteoir agus a chéile.</li> <li>• Guth amháin ag an am.</li> <li>• Cur do lámh suas agus fan go dtiocfar chugat.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuardaigh cúnaimh nuair atá sé uait.</li> <li>• Fan diríthe ar do chuid oibre.</li> <li>• Déan do dhícheall.</li> <li>• Tabhair deis do scoláirí eile foghlaim agus do múinteoir an rang a mhúineadh.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bí in am.</li> <li>• Socraigh síos go tapaí.</li> <li>• Bíodh na leabhair agus eile atá uait ar do bhord.</li> <li>• Lean treoracha.</li> <li>• Bí gléasta mar ba chóir don rang.</li> </ul>
<b>Taobh amuigh den seomra ranga</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ná blocáil an dorchla.</li> <li>• Caith le daoine eile mar ar mhaith leatsa a bheith caite leat.</li> <li>• Úsáid teanga feiliúnach agus leibhéal guth feiliúnach.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Téigh díreach ag an chéad rang eile.</li> <li>• Lean treoracha an mhúinteora.</li> <li>• Seachain do spás agus coinnigh do lámha/cosa 'ad fhéin.</li> <li>• Cuir bruscar sa mbosca bruscar.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Íth, ól, téigh ag na leithris agus na taiscéadáin ag an am cheart.</li> <li>• Úsáid d'amchlár lena chinntiú go bhfuil gach a bhfuil uait agat.</li> <li>• Linéail suas taobh amuigh den rang.</li> </ul>
<b>Sa scoil go ginearalta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bí ar scoil chuile lá.</li> <li>• Bí cinéalta agus béasach le chuile dhuine sa scoil.</li> <li>• Bíodh omás agat do mhaoin agus trealamh na scoile.</li> <li>• Bí brodúil as do scoil.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bí san áit ba chóir dhuit a bheith.</li> <li>• Bí mar ionadaí dearfach don scoil.</li> <li>• Níl céad tobac/alcól/drugaí sa scoil</li> <li>• Baineann <b>bulaíocht</b> le gach duine - <b>Breathnaigh, labhair amach agus abair le duine éigin má thugann tú faoi deara rud éigin atá mícheart.</b></li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bain amach barr feabhais dhuit fhéin.</li> <li>• Tabhair cúnaimh agus faire amach do chuile dhuine.</li> <li>• Ná bíodh do fón air.</li> <li>• Ar bhuaileadh an chlog, bí réitigh don foghlaim.</li> </ul>

Tá an mí-iompar seo a leanas doghlactha i gColáiste na bPíarsach


Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Cur isteach ar cheart daoine eile foghlaim:</b> -A bheith ag caint gan chéad -Ag déanamh torann -Ag cur as do dhaoine eile</li> <li>• <b>Neamhaird a thabhairt ar cheart daoine eile mothú sábháilte:</b> -brú daoine eile -ag déanamh ráiteasacha -ag táispéaint mianach ionsaithe -ag caitheamh rudaí</li> <li>• <b>Gan a bheith réidh don foghlaim:</b> -déanach don rang -Gan ábhar ranga -gan an culaith scoile cheart -fón le feicéail</li> <li>• <b>Gan a bheith freagrach do do fhoghlaim féin:</b> -Gan obair bhaile -Gan a bheith páirteach sa bhfoghlaim</li> <li>• <b>Easpa ómós do dhaoine eile:</b> -Diúltiú treoir a leanacht -Ag déanamh ráiteasacha Ag úsáid droch theanga -ag cogailt guma -ag caitheamh bruscar</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Go rialta ag cur as do chearta daoine eile foghlaim</li> <li>• Go rialta ag déanamh neamhaird do chearta daoine mothú sábháilte.</li> <li>• Go rialta gan a bheith réidh don foghlaim.</li> <li>• Go rialta gan a bheith ag tógáil freagracht pearsanta ar a foghlaim.</li> <li>• Go rialta ag léiriú dímheas ar dhaoine eile.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Gan feabhsú nó ag fáil níos measa i dtaobh mí-iompar éagsúla.</li> <li>• Dian neamhaird ar chearta daoine eile mothú sábháilte: -drochíde ó bhéal ar dhaoine eile -drochíde fisiciúil ar dhaoine eile -ag troid -ag bulaíocht</li> <li>• Ag fágáil talamh na scoile gan chéad.</li> <li>• Ag fáil nó ag déanamh taifid ar ábhar míchuí ar fón póca nó ríomháire.</li> <li>• Ag déanamh damáiste mailíseach do maoin na scoile.</li> </ul>

Cuirtear na gnásanna seo i bhfeidhm i gcás mí-iompar:

	<p><b><u>Leibhéal 1</u></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cur isteach ar cheart daoine eile foghlaim</li> <li>• Neamhaird a thabhairt ar cheart daoine eile mothú sábháilte:</li> <li>• Gan a bheith réidh don foghlaim</li> <li>• Gan a bheith freagrach do do fhoghlaim féin</li> <li>• Easpa ómós do dhaoine eile</li> </ul>	<p><b><u>Múinteoir ranga</u></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Treorú isteach ar tásca</li> <li>• Meabhrúchán freagracht</li> <li>• Neamhaird tacticiuil</li> <li>• Smacht gaireacht</li> <li>• Bogadh go suíochán eile</li> <li>• Cuntas ar gan a bheith ag cloí leis an bpolasaí fón póca sa 'Leachar Fón Póca'</li> <li>• Tuairisic ar VSware.</li> <li>• Comhrá i ndiaidh an rang</li> <li>• Comhaontú ar athrú dearfach</li> <li>• Nóta sa dialann - Déanach don rang</li> <li>• Cuntas ar gan a bheith ag cloí leis an gculaith scoile cheart sa 'Leabhar Culaith Scoile'</li> <li>• Ceacht bhreise</li> <li>• Cuntas de mhí-iompar sa leabhar iompar.</li> <li>• Nóta abhaile - sa dialann</li> <li>• Géibheann am lón</li> </ul>	1
			2
			3
			4

	<p><b><u>Leibhéal 2</u></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Go rialta ag cur as do chearta daoine eile foghlaim</li> <li>• Go rialta ag déanamh neamhaird do chearta daoine mothú sábháilte.</li> <li>• Go rialta gan a bheith réidh don foghlaim.</li> <li>• Go rialta gan a bheith ag tógáil freagracht pearsanta ar a foghlaim.</li> </ul>	<p><b><u>Príomhoide Cúnta 1+2</u></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Buailleadh leis an scoláire</li> <li>• Glaoch abhaile</li> <li>• Ceacht bhreise</li> <li>• Géibheann tar éis scoile</li> <li>• Cárta tuairisce glas</li> <li>• Buailleadh leis an tuismitheoir</li> <li>• Glaoch bhreise ar an mbaile</li> <li>• Atreorú chuig tacaíochtaí bhreise (Treorach, CCS, HSCL)</li> <li>• Smachtanna fheiliúnach eile</li> </ul>	5
			6

	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Go rialta ag léiriú dímheas ar dhaoine eile.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cárta tuairisce buí</li> <li>• Buailleadh le scoláire agus tuismitheoir/caomhnóir</li> </ul>	7
--	--	---	---

	<p><b><u>Leibhéal 3</u></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Gan feabhsú nó ag fáil níos measa i dtaobh mí-iompar éagsúla.</li> <li>• Dian neamhaird ar chearta daoine eile mothú sábháilte: <ul style="list-style-type: none"> <li>-drochíde ó bhéal ar dhaoine eile</li> <li>-drochíde fisiciúil ar dhaoine eile</li> <li>-ag troid</li> <li>-ag bulaíocht</li> </ul> </li> <li>• Ag fágáil talamh na scoile gan chéad.</li> <li>• Ag fáil nó ag déanamh taifid ar ábhar míchuí ar fón póca nó ríomháire.</li> <li>• Ag déanamh damáiste mailíseach do maoin na scoile.</li> </ul>	<p><b><u>Bainistíocht shinsearach na scoile</u></b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cruinniú réiteach faidhbe</li> <li>• Cárta tuairisice dearg</li> <li>• Conradh iompar</li> <li>• Cur i bhfeidhm smachtbhanna oiriúnach</li> <li>• Atreorú chuig clár BFL</li> <li>• Atreorú chuig tacaíocht bhreise</li> </ul>	8
		<ul style="list-style-type: none"> <li>• Fionraíocht inmhéanach</li> <li>• Fionraíocht</li> <li>• Tógáil láithreach as an scoil</li> <li>• Atreorú chuig an Bord Bainistíochta</li> <li>• Moladh díbearte chuig an Bord Bainistíochta</li> </ul>	9

Tá ceangal ag an bpolasaí seo agus i gcásanna cur i bhfeidhm an polasaí seo le na polasaithe seo a leanas:

- Polasaí caomhnú leanaí
- Polasaí frith-bhulaíocht
- Polasaí mí-úsáid substaintí
- Polasaí fón póca
- Polasaí mí-úsáid idirlíon

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2022/23 nó níos tuisce más gá. Faofa ag Bord Bainistíochta Ghairmscoil na bPiarsach ar an \_\_\_\_\_

Siniú \_\_\_\_\_

Cathaoireach an Bhoird



Cárta tuairisce( glas, buí agus dearg)

Ainm an scoláire \_\_\_\_\_ Bliain \_\_\_\_\_

Dáta \_\_\_\_\_

Am	Ponúlacht	Obair bhaile	Iompar sa scoil	Siniú an mhúinteoir
9.00-9.40				
9.40-10.20				
10.20-11.00				
11.10-11.50				
11.50-12.30				
12.30-1.10				
1.40-2.20				
2.20-3.00				
3.00-3.40				

Am sos \_\_\_\_\_ Siniú an fheitheora \_\_\_\_\_

Am lón \_\_\_\_\_ Siniú an fheitheora \_\_\_\_\_

Siniú an scoláire \_\_\_\_\_

Siniú an tuismitheoir/caomhnóir \_\_\_\_\_



**Leabhar Iompar**

<b><u>Dáta</u></b>	<b><u>Cóid scoláire</u></b>	<b><u>Cuntas gairid</u></b>	<b><u>Smachtbhanna</u></b>	<b><u>Siniú an Mhúinteora</u></b>





Cuireadh an polasaí seo faoi bhráid fhoireann teagaisc na scoil chomh maith le comhaltaí éagsúla na scoile ag tús na scoilbhliana 2019.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús na scoilbhliana 2022 / 23 nó níos túisce más gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach ar an \_\_\_\_\_

Síniú \_\_\_\_\_

Cathaoireach an Bhoird